## De réir forálacha CUID XI de na hAchtanna um Pleanáil 2000 (arna leasú) agus Cuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Chill Mhantáin:

**54 Aonad Tithíochta Sóisialta a thógáil, agus na hoibreacha gaolmhara go léir a bhaineann leo a dhéanamh, ag Páirc Bhaile Hóic, Céim 2, (Baile fearainn Bhaile an Fhuartain Uachtarach), Bóthar Marlton, Cill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin. Is éard a bheidh sna háitribh ná: 14 aonad tithíochta dhá stór le trí sheomra leapa, 16 aonad tithíochta dhá stór le dhá sheomra leapa, 22 árasán aon seomra leapa in aonad dhá stór agus 2 aonad tithíochta aon stóir le seomra leapa amháin.**

De réir airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tar éis teacht ag an gconclúid, ó réamhscrúdú de bhun fhorálacha airteagal 120(1)(b)(i) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 ( arna leasú), nach bhfuil fíordhóchúlacht ann go mbeidh tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag eascairt as an bhforbairt atá molta agus nach bhfuil gá le Measúnú Tionchair Timpeallachta.

I gcás ina measann aon duine gur dóchúil go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol, féadfaidh sé nó sí, tráth ar bith roimh dheireadh 4 seachtaine, ag tosú ar dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh de réir fhorálacha alt 120 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), chuig an mBord Pleanála le haghaidh cinnidh scagtha i dtaobh an dóigh go mbeadh a leithéid d'éifeachtaí ag an bhforbairt.

De réir fhorálacha airteagal 250 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), tá scagadh déanta ag Comhairle Contae Chill Mhantáin ar an bhforbairt bheartaithe, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr, chun a mheas an mbeadh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt, ina n-aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach. Dá réir sin, tá sé socraithe ag Comhairle Contae Chill Mhantáin nach dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar shuíomh Eorpach.

Féadfar pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe, lena n-áirítear tátail agus cinntí Chomhairle Contae Chill Mhantáin (lena n-áirítear na príomhchúiseanna agus breithnithe ar a raibh na cinntí bunaithe) a rinneadh de bhun airteagal 120(1)(b)(i) agus airteagal 250 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), a iniúchadh nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, in oifigí Chomhairle Contae Chill Mhantáin, Foirgnimh an Chontae, Bóthar an Stáisiúin, Baile Chill Mhantáin agus in Oifig Cheantar Bardasach Chill Mhantáin, Halla an Bhaile, Cearnóg an Mhargaidh, Baile Chill Mhantáin (Co Co Chill Mhantáin) le linn uaireanta oscailte, Luan go hAoine gan Laethanta Saoire Bainc san áireamh, ar feadh tréimhse idir **Dé Céadaoin 10 Iúil 2024 agus Déardaoin 8 Lúnasa 2024.**

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe, a dhéileálann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh na forbairtí suite, a dhéanamh i scríbhinn chuig David Porter, Oifigeach Riaracháin, An Oifig um Thionscadail Chaipitil Chomhairle Contae Chill Mhantáin ar nó roimh **12 meán lae Dé hAoine 23 Lúnasa 2024.** Ba cheart aighneachtaí agus tuairimí a mharcáil go soiléir "Páirc Bhaile Hóic Céim 2 Cuid 8".

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh freisin ar ríomhphost tríd an seoladh seo a leanas: part8@wicklowcoco.ie

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil go ginearálta ach dul i dteagmháil leis an Oifig um Thionscadail Chaipitil, An Stiúrthóireacht um Iompar, Seachadadh Bonneagair agus Seirbhísí Éigeandála, Comhairle Contae Chill Mhantáin, go díreach ar 0404 20120. Beidh sonraí faoi phróiseas Chuid 8 ar fáil freisin ar www.wicklow.ie

Joe Lane
Stiúrthóir Seirbhísí
Iompar, Seachadadh Bonneagair & Seirbhísí Éigeandála
Comhairle Contae Chill Mhantáin, Foirgnimh an Chontae, Cill Mhantáin